# CÚRAM LEANAÍ AR €10 IN AGHAIDH AN LAE

## CÚRAM LEANAÍ INACMHAINNE A SHOLÁTHAR DO THUISMITHEOIRÍ



# CÚRAM LEANAÍ AR €10 IN AGHAIDH AN LAE

## CÚRAM LEANAÍ INACMHAINNE A SHOLÁTHAR DO THUISMITHEOIRÍ



# Leathanach na nÁbhar

**Intreoir** 7

**Inacmhainneacht** 9

Cúram Leanaí ar €10 in aghaidh an lae 9

An féidir é a dhéanamh? Fasaigh Idirnáisiúnta 11

Costas 11

**Níos mó áiteanna cúraim leanaí a sholáthar** 14

Oibrithe agus Pá 14

Feighlithe Leanaí 16

Bunchistiú 16

An Múnla Fiontair Shóisialta 16

Leathnaigh na sochair do thuismitheoirí chun aire a thabhairt do leanaí ina gcéad bhliain 17

**Conclúid** 17





# Intreoir

Agus Sinn Féin sa rialtas, cuirfidh siad cúram leanaí inacmhainne ar fáil.

Ciallaíonn sé seo go gcuirfidh siad cúram leanaí ar fáil do gach tuismitheoir ar €10 an leanbh in aghaidh an lae. Is é sin le rá, má tá leanbh agat atá ag freastal ar chúram leanaí lánaimseartha, cúig lá sa tseachtain, rachaidh do chuid íocaíochtaí síos ó €800 in aghaidh na míosa go €200 in aghaidh na míosa.

Chun é seo a dhéanamh, déanfar an fóirdheontas chuig na soláthraithe cúraim leanaí a mhéadú, agus beidh feighlithe leanaí i gceist leis seo chomh maith, ar chostas €345 milliún.

Tá cúram leanaí ar €10 in aghaidh an lae ar fáil i dtíortha eile ina n-aithníonn na rialtais an buntáiste a bhaineann le cúram leanaí inacmhainne do theaghlaigh oibre agus don gheilleagar.

Cuireann an Danmhairg, an tSualainn, an Fhionlainn, agus codanna de Cheanada srian le praghas an chúraim leanaí do thuismitheoirí.

Agus Sinn Féin sa rialtas, cuirfimid cúram leanaí ar €10 in aghaidh an lae ar fáil mar aithnímid go bhfuil cúram leanaí inacmhainne ardchaighdeáin riachtanach do theaghlaigh agus don gheilleagar. Mar sin féin, tá cúram leanaí ródhaor in Éirinn le fada an lá. Chomh maith leis sin, tá an fhadhb maidir le háiteanna cúraim leanaí a bheith ar fáil ag méadú agus na mílte leanbh ar fud an Stáit ar liostaí feithimh le haghaidh spásanna nach bhfuil ann. Tá cur chuige seachanta in úsáid rófhada ag an stát ó thaobh sholáthar an chúraim leanaí de. Is seirbhís riachtanach é cúram leanaí, cosúil leis an oideachas, agus tá sé in am dúinn an infheistíocht atá ag teastáil uaidh a dhéanamh agus tús áite a thabhairt dó.

Trí chúram leanaí a sholáthar ar €10 an leanbh in aghaidh an lae, maolóidh Sinn Féin an t-ualach do theaghlaigh oibre, roinnt mhaith acu atá faoi bhrú. Cinnteoimid go mbeidh Éire in háit níos fearr chun clann agus todhchaí a thógáil.



# Inacmhainneacht

Tá an méid a íocann tuismitheoiri in Éirinn as cúram leanaí i measc na gcostas is airde san ECFE. Tá Cúram agus Oideachas Luath-Óige, Cúram Leanaí in Aois Scoile agus Feighlíocht Leanaí i gceist le cúram leanaí. D'ainneoin roinnt athruithe chun feabhais, tá tuismitheoirí fós ag íoc na céadta euro gach mí as cúram leanaí, agus na mílte euro i roinnt cásanna. Ní féidir le tuismitheoirí agus teaghlaigh leanúint de sin, go háirithe agus muid i lár géarchéime costais maireachtála faoi láthair.

Is léir go gcruthaíonn costais arda cúraim leanaí go leor dúshlán do leanaí agus tuismitheoirí araon. Cuireann siad constaic roimh úsáid an chúraim leanaí fhoirmiúil, agus bíonn ar thuismitheoirí a bheith ag brath ar a gcuid cairde agus a dteaghlaigh dá thairbhe. Cuireann siad constaic roimh rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair freisin, agus roimh fheabhsú na rátaí bochtaineachta leanaí.

Is léir ó thaighde a rinneadh in Éirinn go mbíonn na dúshláin a bhaineann le costais ródhaora cúraim leanaí níos déine ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar thuismitheoirí aonair, go háirithe maidir le fostaíocht mháithreachais ar íocaíocht.

I ndiaidh brú leanúnach ó Shinn Féin agus daoine eile, thug an Rialtas fóirdheontais isteach faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí le blianta beaga anuas ar mhaithe le costais a laghdú, ach i ndáiríre, tá siad fós i bhfad ró-ard do thromlach na dtuismitheoirí sa tír. De réir na Tuarascála Bliantúla maidir le Próifíl na hEarnála Luathbhlianta 2022 ó Phobal, tá €800 an leanbh ar tháillí lánaimseartha cúraim leanaí ar an meán.

Cuireann costais ródhaora cúraim leanaí brú ar thuismitheoirí, agus d'fhéadfadh siad iallach a chur orthu a bheith ag obair níos lú uaireanta nó gan a bheith ag obair ar chor ar bith. Tá Sinn Féin tiomanta do chúram leanaí a dhéanamh inacmhainne go deo. Cinnteoimid nach mbeidh ar thuismitheoir ar bith níos mó ná €10 a íoc do chúram leanaí in aghaidh an lae, agus tá plean againn chun é seo a bhaint amach.

## Cúram Leanaí ar €10 in aghaidh an lae

Déanfaidh Sinn Féin cúram leanaí a sholáthar ar €10 in aghaidh an lae trí fhóirdheontais a thabhairt do sholáthraithe, rud a dhúnfaidh an bhearna idir an fíorchostas ar chúram leanaí agus an srian €10 ar na táillí is féidir a ghearradh ar thuismitheoirí do leanbh amháin. Mar sin de, má tá do sholáthraí ag gearradh €40 in aghaidh an lae ort le haghaidh cúram leanaí, cuirfidh an Stát fóirdheontas €30 ar fáil chun an méid a íocfaidh tusa a laghdú go €10.



Is é sin le rá, má tá leanbh agat atá ag freastal ar chúram leanaí lánaimseartha, cúig lá sa tseachtain, rachaidh do chuid íocaíochtaí síos ó €800 in aghaidh na míosa go €200 in aghaidh na míosa.

Chuirfimis an beartas seo ar fáil do leanaí i gcúram leanaí ionadbhunaithe faoi mhí Mheán Fómhair 2025. Glacfaidh sé níos mó ama an srian €10 in aghaidh an lae a chur i bhfeidhm i gcás feighlithe leanaí mar tógfaidh sé am na critéir agus an clárú a shocrú. Molaimid an scéim seo a fhorbairt chun idir 90,000 – 100,000 leanbh sa bhreis a chlúdach tríd na feighlithe leanaí a chur san áireamh faoi dheireadh ár gcéad téarma sa rialtas.

# An féidir é a dhéanamh? Fasaigh Idirnáisiúnta

Tá a lán samplaí ar fud an domhain de stáit ag cur srian le costas cúraim leanaí chun cúram leanaí inacmhainne a sholáthar do thuismitheoirí.

Sa Danmhairg, mar shampla, tá srian ar an sciar a íocann an tuismitheoir, 30 faoin gcéad den chostas ar a mhéad de ghnáth. Cuireann an Stát cistiú ar fáil don 70 faoin gcéad eile den chostas. Mar sin féin, ó tharla go socraíonn gach rialtas bardasach praghas an chúraim leanaí, tá srian ar an bpraghas a íocann tuismitheoirí, go bunúsach.

Tá córas cosúil leis sin i bhfeidhm sa tSualainn freisin ó thaobh srianta de, ní chuireann siad srian le ranníocaíocht an tuismitheora mar chéatadán den chostas, áfach, ach mar chéatadán d’ioncam an teaghlaigh. Cosiúl lena bhardais sa Danmhairg agus sa Sualainn praghas an chúraim leanaí ina ndlínsí. Is é sin le rá, arís, go bhfuil srian ar an bpraghas a íocann tuismitheoirí go bunúsach.

Thug an dlínse British Columbia, i gCeanada, clár $10 in aghaidh an lae isteach. Cosúil le hÉirinn, tá pacáiste fóirdheontas i bhfeidhm i gCeanada. Cuireann siad fóirdheontas ar fáil friesin go díreach le haghaidh laghdú na dtáillí agus mhéadú an phá d’oibrithe cúraim leanaí.

Tá srianadh na dtáillí cúraim leanaí chun cobhsaíocht agus inacmhainneacht a bhaint amach sách coitianta ar fud na hEorpa agus níos faide amach.

# Costas

Meastar gurb é €345 milliún an costas ar ár dtogra chun cúram leanaí de €10 in aghaidh an lae a sholáthar. Chun go mbeidh soláthraithe in ann leas a bhaint as na tacaíochtaí seo, beidh rialuithe táille i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir le soláthraithe a gcleachtais a reáchtáil go héasca, ach go bhfaigheann an Stát luach a gcuid airgid freisin.





# Níos mó áiteanna cúraim leanaí a sholáthar

Agus na mílte leanbh ag fanacht ar spásanna cúraim leanaí, tá sé ríthábhachtach go méadófar acmhainn na hearnála.

Ní amháin go laghdódh Sinn Féin costas an chúraim leanaí. Oibreoimid chun acmhainn a mhéadú san earnáil freisin chun go mbeidh tuismitheoirí in ann cúram leanaí a íoc, agus rochtain a fháil air chomh maith. Mheadóimis an acmhainn trí aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim earcaíochta agus choinneála, agus tacóimid le feighlithe leanaí freisin, rud a mhéadóidh agus a leasóidh Bunchistiú agus trí chur chun cinn an mhúnla fiontair shóisialta

## Oibrithe agus Pá

Tá an ghéarchéim earcaíochta agus choinneála ar na príomhchúiseanna atá leis an easpa acmhainne, mar gheall ar phá íseal den chuid is mó.

Ní léiríonn an pá san earnáil an ról ríthábhachtach atá ag Oideoirí Luathbhlianta inár sochaí agus don gheilleagar. Tá na rátaí san uair gar don íosphá, agus is beag aitheantas a fhaigheann siad as ardcháilíochtaí a bhaint amach.

Chuirfeadh Sinn Féin cistiú poiblí de €53.8 milliún ar fáil le híoc as méadú €1.50 ar an ráta san uair d'oibrithe cúraim leanaí ar dtús. Bheadh an cistiú seo imfhálaithe do phá amháin. Tá soláthair breise inár bplean caiteachais cúig bliana freisin chun torthaí na hidirbheartaíochta ar arduithe pá a chistiú thar na cúig bliana ina dhiaidh sin inár dtéarma Rialtais.

Is mó seans go bhfanfadh oibrithe cúraim leanaí san earnáil de dheasca na n-arduithe pá seo, agus mheallfadh siad daoine nua freisin. Bheadh méadú ar líon na n-áiteanna dá dheasca seo, rud atá ag teastáil go géar chun seirbhísí cúraim leanaí inacmhainne ardchaighdeáin a sholáthar.

Agus Sinn Féin sa rialtas, chuirfimis tús le hathbhreithniú ar na bealaí isteach go dtí na Luathbhlianta chun a chinntiú nach bhfuil aon chonstaicí oideachais roimh na daoine siúd a bhfuil suim acu sna Luathbhlianta agus a oibríonn go maith le leanaí a bheith ag obair san earnáil.



# Feighlithe Leanaí

D'fhéadfaí acmhainn na hearnála cúraim leanaí a mhéadú trí fhóirdheontais a thabhairt d'fheighlithe leanaí freisin.

Léirigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) gurb é an tionchar is mó atá ag an struchtúr fóirdheontais atá ann faoi láthair ná gur bogadh an t-éileamh ó na feighlithe leanaí agus cúram leanaí neamhfhoirmiúil eile go dtí na naíolanna, i.e. soláthraithe cúraim leanaí fhoirmiúil. Tharla sé seo d'ainneoin gurbh fhearr le tuismitheoirí na hÉireann cúram leanaí neamhfhoirmiúil a úsáid.

Mar sin de, molann Sinn Féin go mbeidh Feighlithe Leanaí incháilithe dár scéim €10 ar chúram leanaí in aghaidh an lae. Tá €240.4 milliún leithdháilte againn chun feighlithe leanaí a chur san áireamh sa scéim seo. Leathnóimid an scéim go feighlithe leanaí atá cláraithe le Tusla faoin gcóras reatha inár gcéad bliain den rialtas.

D'oibreoimis fosta le páirtithe leasmhara san earnáil, an rialtóir Tusla san áireamh, chun a chinntiú go gcuirfear dlús faoin bpróiseas seo agus go n-aimseofar an chothromaíocht cheart idir praiticiúlacht agus sláinte agus sábháilteacht na leanaí.

Agus Feighlithe Leanaí san áireamh sa scéim, laghdófaí an brú ar na naíolanna, agus d'fhéadfaí áiteanna a chur ar fáil san earnáil cúraim ionadbhunaithe dá dheasca sin.

# Bunchistiú

Sruth cistithe is ea an Bunchistiú, a cruthaíodh chun acmhainn na hearnála cúraim leanaí a fheabhsú trí thacú le pá agus costais eile oibríochta. Mar sin féin, níl mórán eolais ann ar an méid cistithe atá á fháil ag soláthraithe agus an méid a bheadh ag teastáil uathu chun an acmhainn a mhéadú go suntasach.

Agus Sinn Féin sa Rialtas, dhéanfaimis athbhreithniú ar Bhunchistiú bunaithe ar na sonraí atá bailithe ag an Roinn Oideachais trí thuairisciú airgeadais ar Bhunchistiú, próifílí seirbhíse HIVE agus iarratais ar Bhunchistiú. Scrúdófar éifeachtúlacht agus cothroime dháileadh an Bhunchistithe san athbhreithniú seo

Tá soláthar airgeadais inár bplean caiteachais cúig bliana chun an Bunchistiú a mhéadú i ndiaidh an athbhreithnithe seo.

# An Múnla Fiontair Shóisialta:

Tá a lán Ionad Pobail ar fud an Stáit nach mbaintear dóthain úsáide astu, go háirithe sna bailte agus sráidbhailte faoin tuath, agus ba spásanna foirfe iad seo le haghaidh suíomhanna cúraim leanaí. Laghdódh sé seo an t-am a bheadh ag teastáil chun áiseanna nua a bhunú ó tharla nach mbeadh gá le cead pleanála ná tógáil.

Tá go leor áiseanna cúraim leanaí ann faoi láthair i moil phobail sa Stát – agus iad roinnt costas ar nós fuinnimh, cíosa agus árachais. Tá carrchlóis agus spásanna lasmuigh de na hIonaid seo cheana féin, rudaí a bheadh ag teastáil i ngach áis chúraim leanaí.

# Sochair a leathnú do thuismitheoirí chun aire a thabhairt dá naíonán sa chéad bhliain

De réir na fianaise, éiríonn níos fearr le leanaí nuair a chaitheann siad a gcéad bhliain dá saol le tuismitheoir. Tá sochar máithreachais ar fáil faoi láthair ar feadh 26 seachtaine amháin, Sochar Atharthachta ar feadh 2 sheachtain agus Sochar do Thuismitheoirí ar feadh 9 seachtaine. D'infheisteodh Sinn Féin thart ar €100 milliún breise chun a chinntiú go gclúdófaí 52 seachtain saoire ionas gur féidir le leanaí a bheith le tuismitheoir don chéad bhliain dá saol. Chomh maith leis sin, mhaolódh an beart seo roinnt brú ar acmhainneacht san earnáil fhoirmiúil cúraim leanaí, áit a bhfuil cóimheasa foirne le leanaí ag an leibhéal is airde don aoisghrúpa seo.

# Conclúid

Tá cúram leanaí ina thosaíocht do Shinn Féin agus táimid tiomanta do chúram leanaí inacmhainne a sholáthar do thuismitheoirí chomh maith le méadú suntasach ar acmhainn na hearnála.

Leag Fianna Fáil agus Fine Gael caighdeán ró-íseal síos le fada an lá maidir le cad ar cheart do thuismitheoirí a bheith ag súil leis i dtaca le cúram leanaí inacmhainne. Fágadh tuismitheoirí na hÉireann san fhaopach, ag streachailt le cuid de na costais is airde do chúram leanaí san ECFE.

Tá a fhios againn gur féidir é seo a dhéanamh i bhfianaise an méid atá déanta i dtíortha eile. Tá a fhios againn freisin go bhfuil infheistíocht i gcúram leanaí maith don gheilleagar, maith do thuismitheoirí agus maith do thorthaí oideachais na leanaí. Is é atá ag teastáil ná rialtas atá tiomanta do chúram leanaí inacmhainne a sholáthar.

Agus Sinn Féin sa rialtas, soláthróimid cúram leanaí ar €10 in aghaidh an lae do thuismitheoirí.







Arna fhoilsiú ag Sinn Féin | Meán Fómhair 2024